# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2015 – Junior Certificate Examination 2015
# Gaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
# Triail chluastuisceana

Tá trí chuid sa triail seo: Cuid A, Cuid B agus Cuid C.

## Cuid A

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

**An chéad chainteoir**

Conas atá sibh? Seán Tóibín is ainm dom. Is as Gaeltacht na nDéise i gContae Phort Láirge mé. Is áit aoibhinn í m'áit dúchais agus tagann a lán cuairteoirí anseo i rith an tsamhraidh. Tá deartháir amháin agam. Tá sé ocht mbliana d'aois. Is maith leis an banna ceoil One Direction. Is breá liom féin spórt agus imrím sacar agus cispheil.

**An dara cainteoir**

Dia is Muire daoibh. Is mise Natalia Jablonsky. Sa Pholainn a rugadh mé sa bhliain 2002. Tháinig mo thuismitheoirí go hÉirinn in 2005. Tá mé i mo chónaí i Mullach Íde i gContae Bhaile Átha Cliath. Táim ag freastal ar ghaelscoil. Tá cúigear i mo theaghlach: mo mháthair, m'athair, mo bheirt deirfiúracha agus mé féin. Taitnaíonn an t-amhránaí Ed Sheeran thar barr liom.

## Cuid B

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

**Fógra**

Gabhaigí mo leithscéal, an Príomhoide anseo. Goideadh trí rothar as seid na rothar inné. Ta na Gardaí ag fiosrú an scéil. Má tá eolas ag aon duine a chuideodh leis na Gardaí is féidir labhairt liomsa faoi i rith an lae. Go raibh maith agaibh.

**Píosa nuachta**

Bhí na sluaite i láthair ag Féile Rath Chairn i gContae na Mí an deireadh seachtaine seo caite. San ionad pobail agus sa chlubtheach a bhí na himeachtaí ar siúl. Is é an t-ainm atá ar an gclubtheach ná 'An Bradán Feasa'. Bhí spraoi agus spórt ag chuile dhuine.

**Cuid C**

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

**Comhrá a haon**

| | |
|---|---|
| **Siobhán:** | Haigh, a Thiarnáin. Fuair mé an ríomhphost uait. |
| **Tiarnán:** | Ó go hiontach, a Shiobháin. Ar oscail tú an ceangaltán a bhí leis? |
| **Siobhán:** | D'oscail cinnte. Pictiúr gleoite é do lon dubh. |
| **Tiarnán:** | Mé féin a thóg é le mo iPhone. |
| **Siobhán:** | Ba chóir duit é a chuir isteach ar chomórtas grianghrafadóireachta na scoile. |
| | SOS |
| **Tiarnán:** | Cuirfidh mé. Cad atá ar siúl agat féin? |
| **Siobhán:** | Táim ag obair sa gháirdín, creid é nó ná creid! |
| **Tiarnán:** | Glasraí nó bláthanna? |
| **Siobhán:** | Glasraí sa chúlgháirdín. |
| **Tiarnán:** | Nach tusa a mhol gáirdín glasraí a dhéanamh sa scoil? |
| **Siobhán:** | Is mé, ach bhí a fhios agam go raibh spéis mhór ag Bean Uí Chinnéide sa gharraíodóireacht. |
| **Tiarnán:** | Tá an-chreidiúnt ag dul duitse mar sin féin. |

**Comhrá a dó**

| | |
|---|---|
| **Briain:** | Briain anseo. Cad é mar atá tú, a Mhuireann? |
| **Muireann:** | Tá mé go maith, a Bhriain. Tá mé i scuaine taobh amuigh den 3 Arena i mBaile Átha Cliath. |
| **Briain:** | Cad chuige an bhfuil tú ansin, a Mhuireann? |
| **Muireann:** | Tá mé ar mo bhealach isteach chuig ceolchoirm de chuid Lady Gaga. |
| **Briain:** | Ó, nach méanar duit! |
| | SOS |
| **Briain:** | Cén t-am a thosóidh an cheolchoirm? |
| **Muireann:** | Ní thosóidh sí go dtí a hocht. |
| **Briain:** | Tá tú an-luath. Níl sé ach a cúig anois. |
| **Muireann:** | Ach dúnfar na doirse ar a sé. |
| **Briain:** | Bain sult as. |
| **Muireann:** | Cuirfidh mé scairt ort amárach. |

**Sin deireadh na trialach. Slán agaibh.**